



EFG Foirne Uile um Chosaint Leanaí – Ceisteanna Coitianta

1. Cé a fhreastalóidh ar an EFG Foirne Uile um Chosaint Leanaí (CL)?

Is do phearsanra teagaisc agus do roinnt catagóirí de phearsanra nach múineann - CRSanna, Coimhdirí Iompair Scoile, Rúnaithe agus Feighlithe.

2. An gcláraíonn scoileanna a bpearsanra roimh an EFG?

Ba chóir gach ball den fhoireann teagaisc a bheith cláraithe ina n-aonair ar Chlárúchán Scoileanna Oide. Níor chóir ach líon ball de phearsanra nach múineann a chur isteach sna boscaí cuí i rannán na Sonraí Scoile atá ina chuid de Chlárúchán Scoileanna.

3. An gcuirfear lón ar fáil mar chuid den Lá Dúnadh Scoile CL?

Cuirfear lón ar fáil do Laethanta Dúnadh Scoile a reáchtáiltear in ionaid tacaíochta oideachais. Do scoileanna a bheidh ag dul don lá dúnadh ar láthair na scoile, socróidh siad a lónadóireacht féin le liúntas a chuirfear ar fáil. Déanfaidh an tIonad Tacaíochta Oideachais na sonraí a roinnt le scoileanna a mbaineann seo leo.

4. Cad é ba cheart do bhaill foirne tabhairt leo chun an Lá Dúnadh Scoile ar CL?

Ní gá do bhaill foirne aon acmhainní a thabhairt leo ar an dáta a tugadh.

Sin ráite, b'fhéidir gur mhaith le scoileanna cóipeanna de Nósanna Imeachta Um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus na leabhráin ghaolmhara a dháil ROÓ ar na mallaibh a thabhairt leo. Má theastaíonn ó rannpháirtithe rochtain a dhéanamh orthu le linn an EFG, bíodh gléas lánluchtaithe leat ionas go mbeidh rochtain agat ar na cáipéisí. Is féidir teacht ar na nósanna imeacht um chosaint leanaí [anseo](#). Is féidir rochtain a dhéanamh ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus ar na leabhráin ábhartha [anseo](#), [anseo](#) agus [anseo](#).



5. An bhfaighidh baill foirne teastais tinrimh don EFG na scoile uile?

Ní eiseofar teastais. Tá tinreamh foirne agus é a thaifeadadh mar dhualgas ar bhainistíocht na scoile.

6. An féidir le scoileanna an dáta a fhaigheann siad dá Lá Dúnadh Scoile a athsceidealú?

Mar gheall ar an líon mór scoileanna, an líon imeachtaí EFG lánlae, chomh maith le castachtaí sceidealaithe, tá lá dúnadh gach scoile socraithe. Más amhlaidh atá cúinsí eisceachtúla ann, bí i dteagmháil le primaryoidereg@oide.ie.

7. Do scoileanna ar tugadh cnuasaigh in Ionaid Tacaíochta Oideachais dóibh, an féidir leo an cnuasach a tugadh dóibh a athrú?

Tugadh cnuasaigh ar leith do scoileanna lena chinntiú go mbeadh CFG Oide ar fáil leis an dúnadh a éascú. Níl aon solúbthacht ann chun cnuasaigh a athrú.

8. Má bhíonn múinteoir as láthair ar an lá dúnadh scoile, cad é ba cheart dóibh a dhéanamh?

Is féidir le Oide freastal ar bhaill foirne ar an scoil a tugadh dóibh amháin. Beidh EFG CL eile ar fáil ar dháta níos moille agus cuirfear scoileanna ar an eolas faoi sin roimh ré.

9. Cé leis a bhfreastalaíonn múinteoirí atá á gcomhroinnt?

Moltar do mhúinteoirí atá á gcomhroinnt/ag obair idir scoileanna freastal ar an Lá Dúnadh Scoile ina mBonnscoil (an scoil a bhfuil siad cláraithe léi ar Chlárúchán Scoileanna Oide).

10. An bhfreastalaíonn na beirt mhúinteoirí atá ag postroinnt? An bhfaigheann an duine nár cheart a bheith ag obair “Lá in Ionad”?

Pléitear le laethanta inseirbhíse/traenála do mhúinteoirí atá ag postroinnt sna ‘Tearma agus Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna’. (Caibidil 9)



- a. Múinteoirí postroinnte i mbunscoileanna a bhfuil orthu freastal ar chúrsaí/laethanta pleanála scoile ar laethanta nach bhfuil siad ag múineadh, deonófar saoire in ionad na laethanta seo dóibh. Ní dheonófar saoire in ionad más cuid den ngealltanas uaireanta breise faoi na Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí reatha é freastal an mhúinteora ar na laethanta seo.
- b. Má táthar chun saoire in ionad a dheonú ba chóir a dheimhniú gur freastalaíodh ar chúrsa/lá pleanála scoile a thabhairt don bhfostóir i scríbhinn chun go n-iontrálfar sa OLCSL/córas BOO lena mbaineann é mar is cuí. Ní íocann an Roinn/BOO as múinteoir ionaid i gcomhair na laethanta seo.